Eagrán : Meitheamh 2022

NUACHTLITIR DEIREADH BLIANA 2021/2022

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Ní Neart go Cur le Chéile

27/06/2022







## Focal Buíochais

Agus muid ag druidim le deiridh na scoilbhliana seo, ba mhaith liom an deis seo a thapú mo bhuíochas a ghabháil le pobal uile na scoile; na múinteoirí, an fhoireann tacaíochta, na daltaí, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta as a gcuid oibre go léir le linn na bliana scoile seo. Tá bliain eile thar a bheith dúshlánach curtha againn dínn, ach cé go raibh an bhliain dúshlánach bliain dhearfach ab ea í freisin agus tá ard-mholadh ag dul don fhoireann agus do na daltaí as gach rud atá bainte amach acu i rith an ama sin.

Gabhaim buíochas speisialta leis na páistí as cé chomh maith is a bhí siad ag cloí leis na rialacha Covid a cuireadh i bhfeidhm sa scoil i rith na bliana. Ní raibh sé éascaí, go háirithe nuair a déanadh an cinneadh go mbeadh ar dhaltaí R3 go R6 clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i rith an lae scoile. Má bhí siad ag gearán faoi chaitheamh na mascanna níor léirigh siad é sin riamh ar scoil agus bhíomar fíor-bhródúil as an tslí inar dheighleáil siad leis an rud ar fad. Fiú nuair a cuireadh deireadh le caitheamh éigeantach na gclúdaigh aghaidhe ar scoil léirigh daltaí sinsearacha na scoile an-mheas agus an-ómós dár múinteoir rince Nuala agus leanadar de bheith ag caitheamh clúdaigh aghaidhe agus iad thíos ag rince sa halla le Nuala a chosaint ón víreas.

*As we near the of the year, I would like to take this opportunity to thank our school community, teachers, support staff, students, parents and Board of Management for all their hard work over the past school year. This year was without doubt, another very challenging year, but it has also been a positive one and the staff and students are to be commended for all that they have achieved during that time.*

*A special thank you to the children for how well they adhered to all the Covid rules that were in place in the school throughout the year. It was not easy, especially when the decision was taken that the pupils in R3 to R6 should wear face masks during the school day. If they were complaining about wearing the masks at home they never showed it at school and we were really proud of how they handled the whole situation. Even with the abolition of the mandatory wearing of face masks at school, our senior students showed great respect and admiration for our dance teacher Nuala and they decided to continue wearing face masks during their weekly rang rince in the halla, to protect Nuala herself from the virus.*



*Feis Rince Scoile - Daltaí ó R2B lenár Múinteoir Rince Nuala Ní Eochaidh*





## Múinteoir Tomás Mac Uileagóid Ag dul amach ar scor

Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil leis an Múinteoir Tomás Mac Uileagóid atá ag éirí as i ndiaidh 26 bliana ag múineadh i nGaelscoil Thaobh na Coille. Is mór an chailliúint dúinn é agus is cinnte go mothóimíd ar fad uainn go mór é an bhliain seo chugainn.

Nuair a thosaigh Tomás i nGaelscoil Thaobh na Coille ní raibh ann ach mé féin agus é féin agus níos lú ná 40 dalta. Ar a chéad lá mar mhúinteoir sa scoil ní raibh fiú seomra ranga againn dó – chaith sé mí nó mar sin ag múineadh na naíonáin shinsearacha sna seomraí gléasta/gym a bhí i gclubtheach an DLSP!

Sna blianta tosaigh sin bhí ar an mbeirt againn, agus na múinteoirí a tháinig inár ndiaidh, gach rud a dhéanamh. Níorbh ionainn é agus post a ghlacadh i nGaelscoil Thaobh na Coille sa lá atá inniu ann. Bhíomar ag tosú ón tús i ngach slí. Deis iontach ab ea í seo ár scoil féin a chruthú, a fhorbairt agus a bhuanú. Bhí an t-ádh linn go raibh an fís céanna againn beirt; sár-oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do na páistí an cheantair agus deiseanna a thabhairt dóibh bláthú agus forbairt agus iad báite sa chultúr Gaelach.

Fear mór Gaeilge, Ceoil agus Spóirt is ea Tomás, agus oideachasóir go scoth. Tá an iliomad buanna aige, buanna a roinn sé go fial thar na mblianta le daltaí, foireann agus pobal na scoile. Tá an-mheas aige ar an nGaeilge, ar an gCeol agus ar gach gné den Chultúr Gaelach. Ba é Tomás a thosaigh ar an bhfeadóg stáin a mhúineadh sa scoil agus ba é siúd freisin a chuir tús leis an mbanna ceoil scoile. Thug sé seo deis iontach do na páistí feabhas a chur ar a gcuid scileanna ceoil agus deis níos tábhachtaí fós ceol a sheinnt i dteannta a chéile. Bhí Tomás thar a bheith gafa le cúrsaí spóirt na scoile thar na blianta freisin agus é i mbun traenála ar na foirne peile agus iománaíochta scoile agus foirne á bhainistiú aige i léigeanna Chumann na mBunscol agus i gcraobhanna i bPáirc an Chrócaigh.

Mar mhúinteoir, bhí sé dírithe, críochnúil, díograiseach, tiomanta agus dul chun cinn oideachasúil agus pearsanta gach páiste mar chroí-lár a chuid múinteoireachta. Thug sé agus lorg sé an chaighdeán is airde ab fhéidir i gcónaí.

*I would like to pay special tribute to An Múinteoir Tomás Mac Uileagóid who is retiring at the end of this school year after 26 years teaching in Gaelscoil Thaobh na Coille. He will be greatly missed.*

*When Tomás started in Gaelscoil Thaobh na Coille the school consisted of 2 teachers (Tomás and I) and approximately 40 pupils. On his first day as a teacher at the school we didn't even have a classroom for him - he spent a month or so teaching the senior infants in the dressing rooms / gym in the DLSP club-house!*

*In those early years both of us, and the teachers who followed had to do everything, and I mean everything! It was not the same as taking a job in Gaelscoil Thaobh na Coille today. We were starting from scratch in every way - it was uncharted territory. Although undoubtably challenging this was our opportunity to build, develop and establish a school that was true to the ethos, cultural & educational values of it's founders. We were fortunate that we both had the same vision for the school; that was to ensure that the children received an excellent education through the medium of Irish and the opportunity to flourish and grow immersed in the Irish language and culture.*



*Scoilbhliain 1997/1998 - An Múinteoir Mac Uileagóid agus na Naíonáin Shinsearacha*



Samhain 2007 - Craobh Peile chumann na mBunscol i bPáirc an Chrócaigh

Mar mhúinteoir agus mar chomhleacaí bhí sé i gcónaí sásta cabhair, tacaíocht, comhairle agus treoir a chur ar fáil. Lasmuigh den seomra ranga ghlac sé an iliomad róil eile, ról an airíoch, an leictreoir, an innealltóir, an pluiméar, an comhairleoir IT, Oifigeach Sláinte agus Slándála srl. !

Gabhaim buíochas leis as an díogras agus dílseacht a léirigh sé do Ghaelscoil Thaobh na Coille agus as ról lárnach a ghlac sé i mbunú agus i mbuanú na scoile. Bhí an t-ádh linn a leithéidí a bheith linn ar fhoireann na scoile mar mhúinteoir, mar leas-phríomhoide, mar chomhleacaí agus mar chara ó 1996 i leith.

Guímid gach rath agus sláinte air do na blianta agus na heachtraí nua atá os a chomhair amach.

*Tomás has also been extremely involved with school sports over the years, coaching the school football and hurling teams and managing teams in the Cumann na mBunscol leagues and championships in Croke Park.*

*As a teacher, he was focused, thorough, enthusiastic, committed and the educational and personal development of each of his pupils was always at the forefront of his planning and teaching. He gave and sought the highest standard possible. As a teacher and colleague he was always happy to give a helping hand, offer support, advice and guidance. Outside of the classroom he took on many other roles when needed; caretaker, electrician, engineer, plumber, IT consultant, Health and Safety officer to mention but a few!*

*We would like thank Tomás for the loyalty, energy and commitment he has given to the school over the last 26 years and we especially thank him for the central role he played in building and developing the school. We have been fortunate to have had him on the staff here in Gaelscoil Thaobh na Coille, as a teacher, deputy principal, colleague and friend since 1996.*

*We wish Tomás all the best for the coming years. We wish him a future filled with health, happiness & exciting experiences and adventures!*



## Scoilbhliain 2021/2022 Imeachtaí Scoile

De réir mar a d'imigh an bhliain ar aghaidh bhí gliondar croí orainn mar go rabhamar in ann tabhairt faoi imeachtaí idir-ranga, ceoil, cultúrtha agus spóirt a thabhairt ar ais diaidh ar ndiaidh.

Ceann de na rudaí is mó a mhothaíomar go léir uainn le linn Covid ná an easpa ceangal agus gaol a bhí idir na ranganna agus an tuiscint gurb aon chlann amháin muid. Cé go rabhamar ar fad ar scoil bhíomar scartha amach óna chéile mar nach raibh sé ceadaithe ag ranganna meascadh lena chéile. D'ardaigh sé ár gcroíthe na ranganna sinsearacha a fheiscint ag cur aithne ar na páistí sna ranganna sóisearacha agus iad ag léamh scéalta dóibh agus ag dul ar siúlóidí scoile le chéile. Mar fhoireann bhí sé go hálainn bheith ar ais le chéile arís sa seomra foirne ag am sosa agus ag am lóin mar fhoireann iomlán, seachas bheith scartha i ngrúpaí beaga.

*One of the things that we all found quite difficult during Covid's was the lack of connection and relationship between the classes/pupils and the loss of a sense of the school community that resulted from that. Although we were all in school together, each class carried out their activities completely separate and apart from each other as classes were not permitted to mix.*

*It was heartening to see the senior classes getting to know the children in the junior classes again as they read stories to them and went on school walks together. As a staff it was great to be back together again in the staff room as a whole staff at break times rather than being separated into smaller groups.*



R4A & N2A Amuigh ag siúl le chéile

Bhain mé féin fíor-thaitneamh as páistí a bheith ag teacht ar cuairt chun na hoifige arís le teachtaireachtaí (ní mar go raibh siad i dtrioblóid!) mar nach raibh cead acu é sin a dhéanamh le cúpla bliain anuas.

## FÁILTE ISTEACH!

Bhí sé go hálainn freisin fáilte a chur roimh thuismitheoirí ar ais ar láthair na scoile, go speisialta tuismitheoirí na naíonáin nach raibh na deiseanna céanna acu aithne a chur orainne agus ar thuismitheoirí eile na scoile de bharr Covid-19.

Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí a d'eagraigh cúpla maidin caifé sa scoil do na tuismitheoirí sin. Beidh sé tábhachtach tógáil ar seo an bhliain seo chugainn agus pobal na scoile a neartú agus a láidriú arís.



*Daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille*
*a d'imir ar son foirne scoile Cumann na mBunscol Bhaile Átha Cliath le déanaí*

Bhí sé go hiontach na daltaí sinsearacha a fheicéail amuigh i mbun traenála don pheil, don iománaíocht agus don chamógaíocht agus níos fearr fós iad ag fáil an deis imirt i léigeanna Chumann na mBunscol agus ag glacadh páirt i gcomórtais lúthcheasaíochta na scoileanna i Seantraibh.

Buíochas speisialta leis an Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh a ghlacann freagracht as cúrsaí spóirt agus CLG na scoile agus buíochas leis na múinteoirí eile a raibh baint acu leis an traenáil sin i mbliana:

An Múinteoir Clíona Seoighe
An Múinteoir Aoife Ní Bheacháin
An Múinteoir Ciara Ní Bháille



*An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh i mbun an Lá Spóirt Scoile*

*I really enjoyed having the children visit me in my office again with messages (not because they were in trouble!) as they had not been allowed to do so for the past few years.*

## COME ON IN!

*It was also lovely to welcome parents back in to the school, especially the parents of the infants and junior classes who did not have the same opportunities to get to know us and the other parents in the school on account of the Covid-19 restrictions.*

*Thanks to Coiste na dTuismitheoirí who organised a couple of coffee mornings at the school for the parents of the infant classes. It will be important to build on this next year to re-establish and strengthen our school community again.*

## CÚRSAÍ SPÓIRT

*It was great to see the senior pupils out training in football, hurling and camogie and even better seeing them getting the chance to play in the Cumann na mBunscol leagues and participate in the school athletics competitions in Santry.*

*Special thanks to Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh who organises all our school sporting activities and GAA training. Thanks also to the other teachers who were involved in training the various teams and attending matches after school:*

*An Múinteoir Clíona Seoighe*
*An Múinteoir Aoife Ní Bheacháin*
*An Múinteoir Ciara Ní Bháille*



Dalta de chuid na scoile (ar dheis) ag iomaíocht i Seantraibh



N1B—Rás 3 Chos

## BANNA CEOIL SCOILE

Buíochas leis na múinteoirí a thug faoin mbanna ceoil scoile a ath-thosú arís agus an deis a thabhairt do na daltaí seinnt le chéile sa Banna Ceoil Scoile - Eavan Ní Mhuirgheasa, Niamh Ní Dhúill, Sadhbh Ní Fhloinn & Colm Ó Coisdealbha. Cé gur chuir na tréimhsí dianghlasála stop le páistí a bheith ag freastal ar ranganna ceoil agus a bheith ag seinnt le chéile níl dabht ar bith orm ach go dtiocfaidh fás agus forbairt ar chúrsaí ceoil arís gan mhoill.



Bhí lá álainn ceoil sa scoil le déanaí nuair a tháinig Banna Ceoil Ghaelscoil Thaobh na Coille agus Banna Ceoil Scoil Lorcáin le chéile le roinnt ceoil a chasadh i dteannta a chéile.



B'íontach an tallainn a léirigh na páistí sa Seó Tallainne an tseachtain seo chaite agus ní fhéadfá ach a bheith fíor-bhródúil as na páistí ar fad a chuir míreanna ceoil, damhsa, gleacaíochta srl. ar an ardán – is mór an chreidiúint díbh iad a thuismitheoirí.



*Buaiteoirí Seó Tallainne 2022—An Mhír is Fearr & An Mhír Sóisearach is Fearr*

*Thanks to the teachers who set about restarting the school band and giving the students the opportunity to play together once again post restrictions - Eavan Ní Mhuirgheasa, Niamh Ní Dhúill, Sadhbh Ní Fhloinn & Colm Ó Coisdealbha. The lockdown made it very difficult for pupils to attend music classes or playing with other musicians but there is no doubt that their musical abilities will grow and develop once again now that things have opened up.*

*The Banna Ceoil had a really enjoyable day recently when the banna ceoil from Scoil Lorcáin visited the school for a couple of hours and they got to play together.*



## SEÓ TALLAINNE

*What a bunch of super talented children we have in R3 to R6. Each and every child who went on stage last Wednesday was fantastic. Congratulations to them and to their parents. I'm sure they were extremely proud of them.*



## LÁ MÓR

Guímid gach rath ar An Múinteoir Ciara Ní Bhaoill a bheidh ag pósadh go luath i mí Iúil. Tá súil againn go mbeidh an-lá go deo aice féin agus Owen agus blianta fad sona i dteannta a chéile.

*We wish an Múinteoir Ciara Ní Bháille all the best on her upcoming wedding day. We hope that herself and Owen have a wonderful day & many happy contented years going forwards.*



*Tomás Mac Uileagóid & Ciara Ní Bháille*

## SEACHTAIN SPÓRT & SPRAOI

Chuireamar deireadh spleodrach spraoiúil leis an mbliain leis an Seachtain Spórt agus Spraoi a bhí againn an tseachtain seo chaite. Chaith na páistí an tseachtain ag gabháil d'imeachtaí éagsúla spóirt agus chríochnaigh an tseachtain leis an lá mór Spóirt ar an Aoine. Déarfainn go raibh páistí tuirseach traochta agaibh sa bhaile ag an deireadh seachtaine - tá's agam nach raibh na múinteoirí in ann d'aon rud ach an tolg tráthnóna Aoine!

*We ended the year with a fun filled week of sports and games during Seachtain Spórt & Spraoi. The children participated in lots of different sporting activities throughout the week and the week ended with the Sports day on Friday. I'd say there were lots of tired and exhausted children at home at the weekend - I know the teachers were not fit for anything but the couch on Friday afternoon!*

Míle buíochas leo as an obair agus a fhuinneamh ar fad a chuir siad isteach sa tseachtain



N2 ag súgradh ar an gcaisleán preabadh



R3 ag Imirt Cispheile

## SLÁN le RANG a 6

Fágaimíd slán le daltaí rang a 6 a bheidh ag críochnú i nGaelscoil Thaobh na Coille ar an Déardaoin. Guíonn múinteoirí uile na scoile gach aon rath orthu agus iad ag triail ar an meánscoil.

*We bid farewell to the pupils of rang a 6 who will be finishing up in Gaelscoil Thaobh na Coille this Thusday. We wish the all the best for their time in secondary school.*

Tá súill againn nach ndéanfaidh sibh dearmad ar na blianta a chaith sibh linn anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille. Ná déanaigí dearmad ar bhur dteanga, bhúr gcultúr, na cairde agus na múinteoirí ar fad a mhúnlaigh, a threoraigh agus a chuaigh i bhfeidhm oraibh go dtí seo. Is cinnte nach ndéanfaimid dearmad oraibhse.

R2 ag imirt peile—Cic pianóis



## SAOIRE AN tSAMHRAIDH

Beidh an scoil ag críochnú do laethannta saoire an tSamhraidh ar an Déardaoin seo ag a 12:00 agus ag ath-oscailt arís don scoilbhliain 2022/2023 ar an Déardaoin an 01 Meán Fómhair 2022.

*The School will be closing for the summer holidays this coming Thursday at 12:00 and re-opening again for the 2022/2023 school year on Thursday the 1st of September.*

Guím samhradh sona, suaimhneach, sláintiúil agus grianmhar oraibh go léir.





**Saoire an tSamhraidh**
***Summer Holidays***

Déardaoin 30/06/22
@12:00 a chlog

Scoil Dúnta *School Closed*
01/07/22 go 31/08/22

**Scoil ag Ath-oscailt**

**School** *Re-opening*

**Déardaoin 01/09/2022**
**8.50am**

